

# Géarchéim Gheilleagrach

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúnamh airgid atá ar fáil dúinn más ga, ón Eoraip. Sula bhféachann tú ar an mhír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi bhrí na bhfocal seo?

1. maoiniú
2. fadhbanna baincéireachta
3. glac san áireamh
4. todhchaí
5. ag dul chun donais
6. an t-easnamh
7. margaí bannaí
8. bancbhriste
9. idirbheartaíocht
10. seansailéir
11. príomhábhar cainte

## Ceist 2

(a) Anois, an féidir leat féin agus an duine in aice leat mír nuachta a chumadh ag baint úsáide as na focail i gceist 1 thuas?

(b) Féachaigí ar an mhír anois agus déanaigí plé le chéile ar conas mar a bhí an mhír difriúil ón mhéid a bhí agaibh féin.

## Ceist 3

Anois féach ar an tuairisc don dara huair. An féidir leat freagraí na gceisteanna seo a aimsiú? Pléigh na freagraí leis an duine in aice leat nuair a bheidh siad déanta agat.

1. Cén fáth ar luadh na daoine/dreamanna seo a leanas?

*An Taoiseach  
Fine Gael  
Vitor Constancio  
Príomh-Aire na Gréige  
Máire Geoghegan Quinn*

2. Cad a bheidh ar siúl sa Bhruiséil amárach?

**Ceist 4**

'...dóthain airgid...'

Cén fáth a bhfuil an focal 'airgead' sa tuiseal ginideach anseo? Cuir na focail seo in abairtí agus ná déan dearmad na focail a leanann iad a chur sa tuiseal ginideach:

*a lán, an iomarca, an t-uafás, beagán, go leor, méid, mórán*

'...chun donais...'

Cén fáth a bhfuil an focal 'donas' sa tuiseal ginideach anseo? Cuir na focail seo in abairtí agus ná déan dearmad na focail a leanann iad a chur sa tuiseal ginideach:

*timpeall, trasna, dála*

**Ceist 5**

Aimsigh na focail sa mhír a bhfuil an bhrí chéanna acu leis na focail seo thíos.

cuidiú: \_\_\_\_\_  
de dhíth: \_\_\_\_\_  
go leor: \_\_\_\_\_  
an t-am atá romhainn: \_\_\_\_\_  
an locht: \_\_\_\_\_  
ní mór: \_\_\_\_\_

**Ceist 6**

Pléigh an ráiteas seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Is é ár rialtas amháin is cúis leis an ghéarchéim gheilleagrach sa tír.

## Treoracha agus freagraí

### Ceist 1

1. maoiniú – *financing*
2. fadhbanna baincéireachta – *banking problems*
3. glac san áireamh – *take into consideration*
4. todhchaí - *future*
5. ag dul chun donais – *getting worse*
6. an t-easnamh – *deficit*
7. margaí bannaí – *bond markets*
8. bancbhriste – *bankrupt*
9. idirbheartaíocht – *negotiations*
10. seansailéir – *chancellor*
11. príomhábhar cainte – *main discussion point*

### Ceist 2

Caithfidh na foghlaimeoirí mír a chumadh sula bhfeicfidh siad an mhír. Is cleacht cainte é seo. Cuir na míreanna a chruthaigh siad i gcomparáid leis an mhír nuachta ansin.

### Ceist 3

1. Féach:

*An Taoiseach* - Dúirt an Taoiseach tráthnóna nach bhfuil aon chúnamh airgid ná iarratas ar a leithéid déanta ag an tír seo.

*Fine Gael* - Tá ceisteanna ardaithe ag Fine Gael faoi mhaoiniú do na bainc.

*Vitor Constancio* - Is urlabhraí ó Bhanc Ceannais na hEorpa é. Deir sé go mbeidh cúnamh airgid ar fáil don tír agus go bhfuil idirbheartaíocht ar siúl cheana féin faoin ábhar. Deir sé chomh maith go gcaithfear fadhbanna baincéireachta na tíre a ghlacadh san áireamh agus todhchaí na tíre á meas.

*Príomh-Aire na Gréige* - Tá an milleán curtha ag Príomh-Aire na Gréige ar sheasamh láidir na Gearmáine maidir leis na bainc agus na margaí bannaí faoin scéal agus go bhfeadfadh an seasamh seo tíortha áirithe a dhéanamh bancbhriste.

*Máire Geoghegan Quinn* – Deir sí nach bhfuil an Eoraip ag cur brú ar Éirinn cúnamh airgid a ghlacadh ach go bhfuil an Eoraip, an tUachtarán Barroso agus Angela Merkel réidh le tacaíocht a thabhairt dúinn, más ga.

2. Beidh cruinniú ag airí airgeadais na hEorpa sa Bhruiséil amárach.

#### Ceist 4

Is focal é 'dóthain' a chuireann cainníocht ghinearálta in iúl, agus mar sin cuirtear an t-ainmfhocal ina dhiaidh sa tuiseal ginideach.

- Bhí *a lán oibre* le déanamh agam inné agus níor shroich mé an baile go dtí meán oíche.
- Ná hith *an iomarca feola* nó beidh tú tinn.
- Shaothraigh mé *an t-uafás airgid* anuraidh ach tá sé ar fad caite agam anois.
- Tabhair dom *beagán cáise* le cur ar mo cheapaire.
- Ní bheidh *go leor gaoithe* ann ag an deireadh seachtaine le dul ag seoltóireacht.
- Chuir sé iontas orm *an méid oibre* a bhí le déanamh.
- Níl *mórán céille* ag an fhear sin.

Tá réamhfhocail áirithe ann ar nós 'chun' a chuireann an t-ainmfhocal ina ndiaidh sa tuiseal ginideach.

*Timpeall an tí*  
*Trasna an bhóthair*  
*Dála an scéil*

#### Ceist 5

cuidiú:	<i>cúnamh</i>
de dhíth:	<i>ag teastáil</i>
go leor:	<i>dóthain</i>
an t-am atá romhainn:	<i>todhchaí</i>
an locht:	<i>an milleán</i>
ní mór:	<i>is gá</i>

#### Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

## Éimear Ní Chonaola

Dúirt an Taoiseach tráthnóna nach bhfuil aon chúnamh airgid ná iarratas ar a leithéid déanta ag an tír seo. Tá ceisteanna ardaithe ag Fine Gael, áfach, faoi mhaoiniú do na bainc<sup>i</sup>. Dúirt urlabhraí ó Bhanc Ceannais na hEorpa go mbeadh cúnamh airgid ar fáil don tír, bíodh sé ag teastáil ó Rialtas na hÉireann nó ó bhainc na hÉireann. Cé go bhfuil dóthain airgid ag an Stát go dtí lár na bliana seo chugainn, deir Vitor Constancio go gcaithfear fadhbanna baincéireachta na tíre a ghlacadh san áireamh agus todhchaí na tíre á meas.

## Irene Ní Nualláin

Tá deacrachtaí maoinithe an chóras baincéireachta ag dul chun donais ach ní muid an t-aon tír amháin atá faoi bhrú. Léiríonn figiúirí ón Eoraip go bhfuil an t-easnamh atá ar bhuiséad na Gréige i bhfad níos measa ná mar a ceapadh<sup>ii</sup>. Tá an milleán curtha ag Príomh-Aire na Gréige ar sheasamh láidir na Gearmáine maidir leis na bainc agus na margaí bannaí faoin scéal, agus go bhfeadfadh an seasamh seo tíortha áirithe a dhéanamh bancbhriste. Idir an dá linn, dúirt urlabhraí ó Bhanc Ceannais na hEorpa, Vitor Constancio, go mbeidh cúnamh airgid ar fáil don tír agus go bhfuil idirbheartaíocht ar siúl cheana féin faoin ábhar. Dúirt urlabhraí eile ón mbanc go gcaithfear réiteach tapa a fháil ar an scéal lena chinntiú nach scaipfidh deacrachtaí na hÉireann go tíortha eile san Eoraip.

## Máire Geoghegan Quinn, Coimisinéir Eorpach

Ní hí an Eoraip atá a rá le hÉirinn - caithfidh sibh é seo a dhéanamh. Tá muid mar chuid den Eoraip, tá muid féin a rá agus mar a dúirt mé ag an tús, níl aon iarratas déanta go fóill ag Rialtas na hÉireann. Agus, ar an bpointe agus a déanfar an t-iarratas<sup>iii</sup> sin, má dhéantar<sup>iv</sup> é ar chor ar bith, beidh an Eoraip ansin agus tá sé ráite ag Uachtarán Barroso, tá sé ráite ag an seansailéir Merkel go mbeidh siad ansin le pé tacaíocht atá ag teastáil ón tír a chur ar fáil.

## Irene Ní Nualláin

Idir an dá linn tuigtear go mbeidh cás na hÉireann mar phríomhábhar cainte ag cruinniú airí airgeadais sa Bhruiséil amárach. Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

---

<sup>i</sup> *bancannaí* a deirtear

<sup>ii</sup> *a cheapadh* a deirtear

<sup>iii</sup> *an iarratas* a deirtear

<sup>iv</sup> *má déantar* a deirtear